

A scátháin, a scátháin ar an mballa - cén teanga an teanga is áille díobh ar fad? Níl aon tslí éasca ann chun an cheist sin a fhreagairt agus tá a rogha teanga féin ag gach duine. Mar sin féin, ag comórtas áilleachta teanga sa bhliain 1934 i bPáras, bhain an Úcráinis an tríú háit amach i ndiaidh na Fraincise agus na Peirsise. Ní eol dom aon chomórtais áilleachta teanga a reáchtáladh le déanaí!

Sa Ghaeilge, níl focail againn le haghaidh “yes” nó “no”. Murab ionann agus teangacha eile bainimid úsáid as foirmeacha den bhriathar. Dá bhrí sin, chun an cheist “Did they sell the house – ár dhíol siad an teach” a fhreagairt, is é a dhéarfá ná “Dhíol (siad)” nó “níor dhíol (siad)”. Lena chois sin, tá an-chuid focal uathúil againn, cosúil leis an teanga ar an chéad leathanach eile...

Tá nath cainte sa Spáinnis “¡el mundo es un pañuelo!” (ciarsúr is ea an domhan) chun iontas a chur in iúl nuair a bhuaillimid le duine áit gan choinne, agus chun a thaispeáint mar seo go bhfuil an domhan i bhfad níos lú ná mar a cheapamar. Nach é seo atá i gceist le foghlaim teangacha agus foghlaim faoi chultúir eile? Is teanga dhomhanda í an Spáinnis agus tá sí ag 20 tír mar theanga oifigiúil - ¡Olé!

Ní bhfuair an Lucsambuirgis a fhoirm scríofa ach tamall go maith beag ó shin. Go traidisiúnta, is annamh a scríobhtaí an Lucsambuirgis, mar sin ní raibh aon rialacha oifigiúla litrithe agus gramadaí ann go dtí gur bhunaigh an rialtas iad timpeall 40 bliain ó shin, i 1984. Agus cad faoi theangacha comharthaíochta, an féidir leat iad sin a scríobh síos? Lean ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile chun a fháil amach.

Go dtí le déanaí tugadh an Romainis ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile ó bhéal amháin agus mar sin níl aon chaighdeán scríofa a nglactar leis go ginearálta. Scríobhtar cineálacha Romainise ar leith ag baint úsáide as aibítirí atá bunaithe ar an teanga atá i réim mórthimpeall orthu in áit ina gcónaíonn grúpa Romach. Ach inniu is féidir téacsanna polaitiúla, nuachtáin agus fiú Shakespeare a léamh sa Romainis!

Is dócha gurb í an Fhreaslainnis an teanga bheo is mó atá cosúil leis an mBéarla. “De sinne is waarm en it ljocht fan de sinneskyn fielt noflikmeidesêftewyn.” Ar oibrigh tú amach é? Féach an leagan Béarla: “The sun is warm and the light from the sun-shining feels good with the soft wind.” (Tá an ghrian te agus tugann solas na gréine ardú meanman duit leis an ghaoth bhog).


Tá focal an-speisialta ag an Ollainnis: “gezellig”. Tá sé ar cheann de na focail Ollainnise is mó a úsáidtear agus ag brath ar an gcomhthéacs is féidir é a aistriú mar bheith ag mothú go seascair, spraoi nó atmaisféar deas. Féadann sé mothú muintearais a léiriú freisin, am a chaitear le muintir nó bualadh le cara tar éis tamaill fhada. Mar shampla: “chaitheamar tráthnóna gezellig, ag imirt cluichí agus ag spraoi...”

Sa Chatalóinis, má theastaíonn uait a rá nár tháinig ach cúpla cara chuig do chóisir lá breithe (rud nach dtarlóidh choíche le cúnamh Dé!) d’fhéadfá “quatre gats” nó “ceithre chat” a rá agus bheadh gach rud soiléir. Mar sin, sula mbeifeá ag gearán faoi do chóisir leadránach, ná déan dearmad “Gràcies!” (go raibh maith agat) a rá leis na ceithre chat a bhuaillisteach!

Ciallaíonn an abairt Dhanmhairgise seo “Der er ingen ko på isen” le haghaidh “Níl aon bhó ar an leac oighre” nach bhfuil fadhb ar bith ann’. Mar sin mura bhfeiceann tú aon bhó ar an leac oighre, ba chóir go mbeadh gach rud go breá. Mar is dócha gur thug tú faoi deara, is maith le go leor teangacha ainmhithe a úsáid i nathanna cainte!

Tagann an focal “aibítir” ón gcéad dá litir den aibítir Ghréagach: “alfa” agus “béite”. Scríobhann Gréagaigh ó chlé go deas faoi láthair, díreach cosúil le teangacha Eorpacha eile, ach ní hamhlaidh a bhí i gcónaí. I dtosach, bhíothas in ann é a scríobh ó dheas go clé, agus fiú i dtreonna malartacha ar gach líne. Ar an gcéad leathanach eile, taispeánfaidh mé nós greannmhar duit atá ag comharsana na Gréagach...

Tá an Fhionlainnis ar cheann den bheagán teangacha san Eoraip nach teanga Ind-Eorpaise í. Baineann sé le teaghlach mar aon leis an Eastóinis agus an Ungáiris. Is féidir rudaí a rá san Fhionlainnis gan ach aon fhocal amháin a úsáid, mar shampla “istun” - “suím síos”; “istahtaisin” - “Ba mhaith liom suí síos ar feadh tamaill”; “istahdan” “Suifidh mé síos ar feadh tamaill” agus “istahtaisinkohan” “N’fheadar ar chóir dom suí síos ar feadh tamaill”.



Haigh! Lara is ainm dom! Seo leat, bí liom ar an turas iontach seo ar fud teangacha áille na hEorpa... Cuirfidh tús leis an turas seo i “krasavik”... Fan go fóill. Cén áit? Is í “Krasavik” (Aibreán) an mhí is áille sa Bhealarúis agus is é sin an fáth gur ainmnigh pobal na Bealarúise an mhí seo “álainn”. Agus an bhfuil aon duine ann nach aoibhinn leis nó léi an t-earrach?

I dtír na bpiotsaí, an phasta agus na cáise, ní haon iontas é nuair a dhéanann duine éigin “abbioco”. Níl a mhacasamhail ann sa Ghaeilge, ach tagraíonn abbiocco do mhothú a thagann ort tar éis duit an-chuid bia a ithe. Lean ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile chun focal uathúil eile a bhaineann le bia a fháil...

Is breá le muintir na Laitvia amhránaíocht! Is amhráin tíre na Laitvia iad na “dainas” a léiríonn eagnaíocht ársa na Laitvia. Cruthaíodh “dainas” breis is míle bliain ó shin agus bhídis mar chuid de cheiliúrthaí (cosúil le ceiliúradh bliantúil lár an tsamhraidh sa phríomhíomhá), d’obair laethúil, de mhachnaimh ar an saol a chaomhnaítear mar thraidisiún béil. Tá níos mó ná 1.2 milliún “dainas” san iomlán!

Is í an Mháltais an teanga oifigiúil is lú san AE. Tá sí cosúil le teanga na bhFéiniceach ó thaobh fuaimeanna de, teanga a labhraítí timpeall na Meánmhara 3000 bliain ó shin. Is í an t-aon teanga san Eoraip í a bhaineann le teaghlach na dteangacha Afra-Áisice agus is í an t-aon teanga sa teaghlach seo a úsáideann an aibítir Laidine. Ar an chéad leathanach eile taispeánfaidh mé teanga atá go maith iargúlta duit

...

Is breá leis an Eastóinis gutaí! Tá ról na ngutaí san Eastóinis níos mó ná mar atá sé i bhformhór na dteangacha Eorpacha eile agus tá go leor focal ann mar “Jäääär” (imeall an oighir), “Töö-öö” (oíche oibre) nó “Õueiaääre” (imeall fáil timpeall ar chlós)! Anois lig dom teanga a thaispeáint duit a fhéadfaidh abairt iomlán a dhéanamh suas nach bhfuil inti ach gutaí...

Mura bhfuil fonn ort gutaí a úsáid is í an tSeicis an teanga duitse! Is breá leis an tSeicis consain. Tá focail nach bhfuil iontu ach consain mar “krk” (muineál), “prst” (méar) nó “smrk” (crann péine) an-choitianta. Bain triail as an rabhlóg seo a rá “Chrt pln skvrn zdrhl z Brd” - “D’imigh cú lán de spotaí ón Brdy (sléibhte)”. Tá comharsa i ngrá le consain freisin - an féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt cén ceann?

Úsáidtear an Teanga Chomhartha-íochta Idirnáisiúnta go minic i measc úsáideoirí teanga chomharthaíochta ó thíortha éagsúla nach bhfuil teanga i gcoiteann acu - is teanga idirnáisiúnta í. Is féidir é a scríobh síos ar roinnt bealaí. Úsáidtear siombailí áirithe chun cur síos a dhéanamh ar chruth láimhe agus ar ghluaiseacht an chomhartha chomh maith leis na gothaí gnúise. Ó rinneamar an oiread sin cainte faoi aibítirí...

Tá an Liotuáinis ar cheann de na teangacha labhartha is sine ar domhan agus tá focail aici atá cosúil le Sanscrait ársa fiú amháin, mar shampla “vyras” (fear), “šuo” (madra), “avis” (caoirigh). Is ionann sin agus a rá gur féidir le muintir na Liotuánaine roinnt focal a aithint agus iad ag éisteacht leis an teanga Indiach seo. Tá ocras ag teacht orm, fan nóiméad, gheobhaidh mé greim le n-ithe...

Nuair a bhíonn Albánaigh ag croitheadh a gcinn ó thaobh go taobh ciallaíonn sé “níl” seachas “ceart, aontaim, táim ag éisteacht”. É sin ráite, ní chiallaíonn smeideadh do chinn suas agus síos “tá” agus “sea” ach “tá brón orm, is oth liom a rá nach bhfuil”. Tá sé ag gabháil le drochscéal. Mar sin bí cúramach agus tú ag croitheadh do chinn san Albáin - b’fhéidir gur aontaigh tú le rud nach raibh i gceist agat!

Tá idir 60 agus 100 focal ag tagairt do chineálacha éagsúla báistí sa Ghailísis. Má bhí tú san Ghailíis ri-amh beidh a fhios agat cén fáth! Mar shampla, tagraíonn “babuña” do bháisteach a dhéanann fuaim cosúil le leanbh beag. Tagraíonn “torbón” do bháisteach le toirneach agus tintreach agus tagraíonn “ballón” d’aimsir maidhmeanna báistí a leanann ar feadh roinnt laethanta...

Tá bealach comhairimh difriúil ag an bhFraincis idir 70 agus 99! Chun an uimhir 75 a rá deir tú “60 móide 15”. Lena chois sin, i gcás na huimhreach 80 deir tú “4 huaire 20”. Mar sin, is ionann 96 agus “4 huaire 20 móide 16”. Caithfidh cainteoirí na Fraincise a bheith ina matamaiticeoirí maithe! Meastar go bhfuil an Fhraincis ar cheann de na teangacha is áille, mar aon le... ar mhaith leat buille faoi thuairim a thabhairt?

Tá focal foirfe cruthaithe ag an tSualainnis chun cothromaíocht a chur in iúl agus “gan a bheith róbheag, gan an iomarca...ach díreach an méid ceart” a rá: “lagom” sa tSualainnis. Mar sin sa tSualainnis tá slí deas ann chun a rá go bhfuil tú díreach tar éis lagom a ithe! Labhraíomar an-chuid faoi fhocail uathúla, mar sin féachaimis ar roinnt nathanna uathúla freisin...

Tá an tSeirbis ar cheann den bheagán teangacha Eorpacha a úsáideann an aibítir Choireallach agus Laidine araon. Tá ar chumas cainteoirí na Seirbise an dá script a úsáid. I measc na dteangacha Slavaice úsáideann an tSeirbis ceann de na haibítirí Coireallacha is giorra: tá 30 litir inti. Ag caint ar aibítir... Lig dom teanga a thaispeáint duit a bhfuil aibítir an-uathúil aici...

Is gnách linn ár bhfreagairtí a chur in iúl le frásaí gearra nó le focail nach bhfuil aon bhrí ar leith leo. Tá bealach réchúiseach amháin ag an Macadóinis chun é seo a dhéanamh - le "Lele"! Is féidir go gciallódh "Lele" "Ó mo dhia!" nó "Ó wow!" agus féadfadh tú an oiread "lele" is mian leat a chur leis. Mar sin d'fhéadfá a rá "Lele lele lele! Nach deas an madra é!". Lean ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile chun teacht ar theanga nach bhfuil "yes" ná "no" aici...

"Is breá leis an Rómáinis gutaí freisin. Is féidir leis an Rómáinis abairt bhríoch a dhéanamh fiú amháin nach bhfuil inti ach gutaí: ciallaíonn "Oaia aia ea ei, eu io iau" "Is léi an chaora sin, tógaim liom í". Tá roinnt teangacha ann freisin ar cosúil go ndéanann siad iarracht chun gutaí a sheachaint go hiomlán..."

Tá beirt an-speisialta sa tSlóivéin! Lasmuigh d'fhoirm uatha (duine amháin) agus foirm iolra (go leor daoine), tá foirm le haghaidh beirt dhuine ann! Chun "mise agus tusa" a rá d'fhéadfá "midva" (beirt fhear againn nó fear amháin agus bean amháin), nó "midve/medve" (beirt bhan againn) a rá. Agus sinne ag caint faoi uimhreacha... taispeánfaidh mé teanga duit anois a bhfuil córas comhairimh suimiúil aici...

Tá go leor focal san Ioruais a bhfuil tionchar 'ollmhór' acu ar theangacha eile atá in úsáid níos forleithne. Cén duine nár chuala trácht ar "troll" riamh? Má chuireann trollanna beagáinín sceimhle ort (ormsa freisin!), smaoinigh ar "fjordanna" áille na hIorua agus más rud é go gcuireann siad sin fonn taistilmort ná déan dearmad ar an bhfocal Béarla "egg" (ubh), focal atá de bhunaidh na hIorua freisin

De ghnáth baineann teangacha le teaghlaigh teanga agus roinneann siad a lán tréithe lena chéile, ach is leanbh aonair í an Bhascais a bheag nó a mhór... Meastar go bhfuil sí ar cheann de na teangacha Eorpacha is sine agus tá a bunús ina mhistéir i gcónaí. Mar sin, más mian leat a bheith i do bhall de chlub fíor-speisialta agus a bheith i do "euskalduna" (cainteoir Bascaise) bain triail as an teanga seo!

Tá an Ghearmáinis ar cheann de na teangacha ag a bhfuil na focail is faide. Is féidir focail éagsúla a chur le chéile chun focal nua a dhéanamh. Mar sin is é a thugtar ar chluiche peile cáilithe le haghaidh chorn an domhain ná "Fußballweltmeisterschaftsqualifikationsspiel". Cuireann cuid acu meathall ort mura bhfuil a fhios agat cad iad na focail a cuireadh le chéile mar "Urinsekten" ach is féidir leat féin é sin a oibriú amach!

Smeideann muintir na Bulgáire a gcinn freisin chun "nil" a chur in iúl agus croitheann siad a gcinn chun "tá" a rá. Tréith neamhchoitianta eile den Bhulgáiris ná go bhfuil sí ar cheann den bheagán teangacha Slavaice nach bhfuil aon chásanna aici. Mar sin ba chóir go mbeadh sé níos éasca í a fhoghlaim ná an tSeicis, teanga a bhfuil 7 gcás aici! Ní roinneann an Bhulgáiris an tréith seo ach leis an Macadóinis.

Úsáideann Asairis "o" freisin le haghaidh "sé" agus "sí". Cosúil leis an Tuircis, ní thagann focail ar nós "le" nó "le haghaidh" roimh an ainmfhocal ach ina dhiaidh. Chun "le mo mháthair" a rá san Asairis déarfá "anam ilə" - "mháthair mo le". Nuair a scríobhtar an Asairis i scrípteanna Laidine nó Coireallach, scríobhtar ó chlé go deas é. Nuair a scríobhtar é sa script Araibise, scríobhtar ó dheas go clé é.

Tá Sáimis Thuaidh ar cheann de na teangacha Sámise agus labhraítear í i dtíortha thuaisceart na hEorpa. Ní haon ionadh mar sin go bhfuil go leor focal aici chun cur síos a dhéanamh ar chineálacha éagsúla sneachta agus oighir. Mar shampla, is meall sneachta cruá é "čahki" a chaitear i troideanna dáiríre meall sneachta. Is sneachta nua nó scaoilte é "vahca" agus is sneachta cosúil le bogoighear é "soavli".

Tá focal uathúil amháin ag an Rúisis a chuireann síos ar shraith oighir a shocraíonn agus a leánn ina dhiaidh sin tar éis don teocht ardú agus a reonn arís ansin: Гололедуца (gololedica). Ciallaíonn sé go garbh bileog nocht oighir. Agus an raibh a fhios agat go bhfuil dhá oiread cainteoirí dúchais na Rúise san Eoraip ná cainteoirí dúchais an Bhéarla?

Tá an Bhoisnis an-chosúil leis an gCróitis agus an tSeirbis, ach is féidir leat a rá go bhfuil nasc láidir aici leis an Tuircis: ar feadh thart ar 400 bliain bhí an Bhoisnia mar chuid den Impireacht Otamánach agus dá bhrí sin ghlac sí go leor focal iasachta ón Tuircis mar "minđuše" (fáinní cluaise), "bujrum" (ar aghaidh leat) nó "avlija" (clós istigh).

Sea, is maith leis an tSlóvaic consain, freisin! Cruthaítear go leor focal Slóvaicise go hiomlán nó den chuid is mó, de chonsain, mar shampla na focail “vr̂b” (saileach), “štvr̂t” (ceathrú) nó “smrt̂” (bás). Meastar gurb í an tSlóvaicis an teanga is fusa is féidir le cainteoirí teangacha Slavaice eile a thuiscint. Lean ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile chun eolas a chur ar theanga go maith eacnamaíoch...

Mar aon leis an tSeirbis agus an Bhoisnis, tá an Chróitis ar cheann de na teangacha Slavaice Theas a bhfuil go leor rudaí i gcoiteann acu. Tá na teangacha seo chomh cosúil lena chéile gur féidir lena gcainteoirí a chéile a thuiscint gan stró. Níl sna focail Chróitise is giorra ach litir amháin - “a” (ach, agus), “o” (faoi), “u” (in), “i” (agus), “s” (le, ó) nó “k” (go dtí).

Ciallaíonn an focal Seoirsise “Shemometchama” a bheith ag ithe cé go bhfuil tú lán toisc go bhfuil an bhia chomh blasta sin. Seo aistriúchán garbh air “D’ith mé an rud ar fad de thaisme”. Tá ceann de na scripteanna is suntasaí ar domhan ag an tSeoirsis freisin. Ar an gcéad leathanach eile taispeánfaidh mé focal duit a chuireann síos ar mhéid a theastaíonn uainn go léir a chur in iúl ó am go ham...

Is teanga í an Tuircis nach bhfuil aon inscne inti! Tá focal amháin ann le haghaidh “sé” agus “sí”. Déanta na firinne, níl ann ach aon litir amháin, is é sin, an litir - “o”. Mar sin is féidir cur síos a dhéanamh ar dhuine sa Tuircis gan a chur in iúl an buachaill nó cailín atá i gceist. Lean ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile chun a fháil amach cén teanga eile a roinneann an chosúlacht seo leis an Tuircis...

Níl aon tíortha eile cóngarach don Íoslainn agus tá an t-athrú a tháinig ar an teanga a thug na Lochlannaigh isteach sa 9ú agus sa 10ú gcaitheamh na gcianta i bhfad níos lú ná mar a shílfeá. Seachnaíonn an Íoslainnis focail iasachta a úsáid agus b’fhearr léi focail nua a chumadh as focail arsa Lochlannacha. Mar sin tá an focal le haghaidh ríomhaire “tölva” déanta as na seanfhocail “tala” (uimhir) agus “völva” (banfháidh).

Tá an Ungáiris ar cheann de na teangacha is deacra le foghlaim mar gheall ar an 26 chás gramadaí agus an líon mór rialacha casta. Ach is fiú go mór an iarracht a dhéanamh mar is maith an rud é cuimhneachán speisialta a ghabháil gan ach aon fhocal amháin a úsáid. Is é atá in “Aranyhíd” go litriúil ná “droichead órga” ach ciallaíonn sé frithchaitheamh gléineach ón ngrian ar bharr an uisce.

Is é Rómainis an ceann is lú a bhfuil eolas orthu i measc cheithre theanga oifigiúla na hEilvéise. Tosaíonn a stair roimh bhreith Chríost: Meascadh Laidin na Rómhánach, a chloígh an ceantar idir na hAlpa Raetacha agus an Danóib, le teangacha mhuintir na háite. De réir a chéile d’fhorbair Rómainis ón meascán seo - agus tá sé fós ag athrú inniu!

Is é an logainm Breatnaise “Llanfairpwllgwyngyllgogerychwyrndrobwlllantysilio-gogogoch” an logainm is faide san Eoraip agus an dara ceann is faide ar domhan. Ciallaíonn sé, isteach ‘s amach, “Séipéal Naomh Mhuire i log an choill bháin in aice le guairneán gasta Naomh Tysilio na huaimhe rua”. Lean ar aghaidh chun eolas a chur ar theanga atá chomh maith leis na logainmneacha Breatnaise maidir le fad na bhfocal de...

Tá go leor nathanna greannmhara ag an bPolainnis. Mar shampla, má deir tú sa Pholainnis “Nie mój cyrk, nie moje mały” chiallóidh sé go litriúil “Ní mo shorcas, ní mo mhoncaithe”, ach níl aon bhaint ag an abairt le moncaithe. Ciallaíonn sé “Ní bhaineann an fhadhb liomsa”. Tá teanga eile ann a bhfuil bealach greannmhar aici chun rud cosúil leis a rá...

Is é an Béarla an teanga is mó a labhraítear ar domhan. Tá beagnach 1.3 billiún cainteoir Béarla ann, ach níl ach tuairim an tríú chuid díobh ina gcainteoirí dúchais. Nuair a labhraímid an teanga céanna, tuigimid a chéile agus tuigimid cé mhéad rudaí atá i gcoiteann againn. Ansin níl cuma chomh mór ar an domhan tar éis an tsaoil.

Úsáideann an Airméinis aibítir atá uathúil go leor i gcomparáid le teangacha Eorpacha eile. Cruthaíodh é timpeall 2400 bliain ó shin! Toisc go bhfuil muintir na hAirméine an-bhródúil as a n-aibítir chruthaigh siad séadchomhartha dá gcarachtair uathúla fiú amháin. Ceiliúran an Airméin a lá teanga speisialta féin, Lá na nAistritheoirí Naofa, i mí Dheireadh Fómhair.

B’fhéidir nach gceapfá go bhfuil an Phortaingéilis ina teanga dhomhanda. Ach labhraítear ar fud na Brasaíle í agus dá bhrí sin tá os cionn 220 milliún cainteoir dúchais aici! Tá sé ar an 7ú teanga is mó a labhraítear ar fud an domhain! De ghnáth tuigeann cainteoirí na Portaingéilise an Spáinnis, an Ghailísis agus an Iodáilis mar tá na teangacha seo an-chosúil lena chéile. Agus sinne ag caint faoin nGailísis...